Bliain Nua Amhránaíochta le hOidhreacht Chorca Dhuibhne

Beidh Ranganna Amhránaíochta Gaoluinne le Áine Uí Laoithe do dhaoine fásta sa Mhúsaem i mBaile an Fheirtéaraigh ón 19 Eanáir @ 8 - sé sheisiún ar fad. Cuirfear fáilte roimis dhaoine nach gcanann ró-mhinic agus tabharfar tacaíocht d'fhoghlaimeoirí Gaeilge. Costas €3 an seisiún - €15 don iomlán, má dhíoltar ar an gcéad oíche.

Tá Áine Uí Laoithe mar Amhránaí Cónaitheach le Oidhreacht Chorca Dhuibhne le tamall de bhlianta & is mó leanbh atá gafa chuici le linn na tréimhse sin. Chualathas roinnt acu ag an Oireachtas i gCill Airne agus ag ócáidí idir dhá Nollaig & a thuilleadh le clos ar ***Tídil Eidil Éró.*** Is fíor a rá go leantar ag canadh má thosnaítear luath. Chan furmhór lucht na Scoraíochtaí le Áine nuair a bhíodar níos óige chomh maith le lucht na gCeoldrámaí. Bíonn blianta ann uaireanta go mbláthaíonn an síol. Táimíd fíorbhuíoch do mhúinteoirí an cheantair don dtacaíocht atá tugtha acu dúinn ar feadh na mblianta.

Beidh ranganna á chur ar fáil arís i 2011insan méid scoileanna gur féidir freastal orthu mar thaca don obair iontach atá ar siúl cheana féin. Tiocfaidh Páidí Mhárthain Mac Gearailt i gcabhair ar Áine i Mí Feabhra agus Márta. Is mó seisiún atá déanta ag Páidí agus faightear ana-thacaíocht uaidh i gcónaí.

Is le tacaíocht Ealaín na Gaeltachata a riarann Oidhreacht Chorca Dhuibhne an Scéim Amhránaíochta seo - comhpháirtíocht idir Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon.